C/2024/4502

11.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11547 – FASTIGHETS BALDER / FOLKSAM ENTITIES / SINOMA FASTIGHETS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4502)

1. An 4 Iúil 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Fastighets AB Balder ('Balder', an tSualainn),

— Folksam ömsesidig livförsäkring, Folksam Tjänstepension AB, KPA Tjänstepensionsförsäkring AB (publ.) agus Folksam ömsesidig sakförsäkring ('Folksam', an tSualainn),

— Sinoma Fastighets AB ('Sinoma', an tSualainn), faoi rialú Folksam.

Gheobhaidh Balder agus Folksam rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Sinoma.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna ag Balder.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— le haghaidh Balder: úinéireacht, bainistiú agus forbairt réadmhaoine cónaithe agus tráchtála, lena n-áirítear óstáin, chomh maith le tionscadail tógála nua sa tSualainn,

— le haghaidh Folksam: árachas saoil agus neamhshaoil, árachas pinsin agus éagsúlacht de réitigh phinsin agus de réitigh choigiltis fhadtéarmacha eile sa tSualainn,

— le haghaidh Sinoma: réadmhaoin agus urrúis a fháil, a bhainistiú, a fheabhsú agus a shealbhú, agus béim á leagan ar fhoirgnimh tionscail éadroim, trádstóráil agus lóistíocht, chomh maith le foirgnimh oifige sa tSualainn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11547 – FASTIGHETS BALDER / FOLKSAM ENTITIES / SINOMA FASTIGHETS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË